Clár Éire Ildánach
Creative Ireland
Programme

# GAIRM CHRUTHAITHEACH

Gairmeacha do Dhaoine Fiosracha

# Pacáiste Faisnéise

Fís Éireann
Screen Ireland
For the Story Makers

the arts council
an chomhairle ealaíon

Cultural & Creative Industries
Skillnet

Coimisiún na Meán

# Aimsigh do ghairm in…

## Earnáil Chultúrtha agus Chruthaitheach na hÉireann

Iriseoireacht

Margaíocht

Teilifís

VFX

Damhsa

Fógraíocht

Ceol

Dánlanna

**Raidió**

**Coimeádaíocht**

Iarléiriúchán

**Ealaín Stáitse**

Scríbhneoireacht

Foilsitheoireacht

Lucht Féachana

**Ealaín**

Cluichí Digiteacha

**Ailtireacht**

Foilsitheoireacht

Amharclannaíocht

Faisean

Scannánaíocht

Taibhiú

Maoin Intleachtúil

Dearadh

Craolachán


Teicneolaíochtaí Tumthacha

Beochan

Ceardaíocht

**Tá 9.5% d’fhostaíocht náisiúnta i gceist le:**

**Tionscail Chruthaitheacha**



Is **earnáil thábhachtach** iad tionscail chultúrtha agus chruthaitheacha na hÉireann agus cuirtear na billiúin euro ar fáil do gheilleagar na hÉireann mar thoradh orthu.


# Tá na mílte ról éagsúil ann ar fud earnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha na hÉireann.

De réir taighde a rinneadh le déanaí, tugann earnáil na n-ealaíon i gcoitinne tacaíocht dhíreach do bheagnach 55,000 post.



# Ach, ní mór duit bheith "cruthaitheach" chun teacht ar ghairm chruthaitheach.

Teastaíonn na gairmeacha seo a leanas ó na hearnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha freisin:



- Anailísithe Sonraí
- Bainisteoirí Conarthaí
- Cuntasóirí Léiriúcháin
- Anailísithe Taighde
- Oifigigh AD
- Comhordaitheoirí Imeachta
- Bainisteoirí Ionaid
- Dlíodóirí
- Teicneoirí TF
- Oifigigh Sláinte agus Sábháilteachta
- Feidhmeannaigh Forbartha Gnó
- Comhordaitheoirí um Chearta agus Ceadúnú
- Comhordaitheoirí Inrochtaineachta

# Buntáistí a bhaineann le gairm chruthaitheach

**Gairm a bhfuil feidhm léi**
Is obair í sin atá fiúntach agus sásúil agus a bhfuil tionchar aici ar chúrsaí.

**Rud nua agus difriúil**
Tá an obair sin fairsing agus éilíonn sí scileanna a ligeann duit bogadh thar earnálacha agus idir róil.

**Aithníonn ciaróg ciaróg eile**
Comhphobal atá san earnáil seo – beidh tú ag obair le daoine atá ar aon dul leat

**Níl an "9 - 5" tipiciúil i gceist**
Is minic a bhíonn obair ar bhonn neamhspleách i gceist, nó obair atá bunaithe ar thionscadal, agus oireann sí daoine atá ardspreagtha agus diongbháilte agus éilíonn sí dúthracht agus teacht aniar - scileanna ríthábhachtacha don lucht saothair amach anseo.

**Comhphobal de nuálaithe**
Bíonn an earnáil chruthaitheach ag síorathrú agus ag forbairt – leis an obair sin beidh tú i gcónaí ar thús cadhnaíochta.

**Deis le bheith i do cheannródaí**
Cabhraíonn tionscail chruthaitheacha le plé cultúrtha agus náisiúnta a mhúnlú – d'fhéadfadh do chuid oibre dul i bhfeidhm ar an tslí a smaoiníonn daoine, a mothaíonn daoine agus ar an dearcadh atá acu ar an saol.

**Scileanna a Sheasfaidh an Aimsir**
Is féidir leat na scileanna atá tábhachtach don todhchaí a fhorbairt a bhfuil fostóirí ar a dtóir ar fud na hearnálacha uile, amhail solúbthacht, teacht aniar, smaoineamh cruthaitheach, éirim mhothúchánach, comhoibriú agus cumarsáid.

**Deiseanna domhanda**
Is féidir leat obair a dhéanamh thar theorainneacha ar thionscadail dhomhanda nó scileanna a fhorbairt atá infheidhme áit ar bith ar domhan.

# Gníomhaíocht

**Conas atá a fhios agam cad ba mhaith liom a dhéanamh?**

Seachas bheith ag smaoineamh ar *cad* ba mhaith leat a dhéanamh, déan machnamh ar ***cén fáth*** ar mhaith leat é a dhéanamh


**Déan an rud a bhfuil dúil agat ann**– smaoinigh ar na nithe a bhfuil d'aird á dtarraingt orthu

Má tá dúil agat i **scéalta**- cad faoi raidió nó scannánaíocht nó iriseoireacht?

Má bhaineann tú sult as **rudaí a dhéanamh**– cad faoi dhearadh nó ailtireacht nó amharclannaíocht?

Má bhaineann tú sult as bheith mar **chuid d'fhoireann**– cad faoi cheol nó fógraíocht nó teilifís?

Má tá dúil agat sa **teicneolaíocht**– cad faoi chluichí nó VFX nó na meáin thumthacha?



**Breac síos:**

**3 rud a mbaineann tú sult astu.**

**3 rud a bhfuil tú go maith acu.**

**3 rud a bhfuil tú fiosrach fúthu ach nár bhain tú triail astu go fóill.**


# Na chéad chéimeanna eile

## 1. Oideachas

Féach ar chúrsaí atá curtha ar fáil ag coláistí a dhéanann speisialtóireacht san earnáil chruthaitheach – amhail **National College of Art and Design**, **National Film School at Institute of Art, Design and Technology Dun Laoghaire**, **Munster Technological University**, **Creative Futures Academy**, **University College Dublin**, **Ballyfermot College of Further Education**, **Technological University of the Shannon**, and on and on….

Déan cuardach ar CAO – úsáid eochairfhocail amhail 'cruthaitheach / meáin / ealaín / amharclannaíocht', srl chun an méid atá ar fáil a fheiceáil.

Smaoinigh faoi do roghanna ábhair agus faoi na hábhair a bheidh ag teastáil uait chun do rogha cúrsa a dhéanamh.



# Conas a gheobhaidh mé amach faoi na poist éagsúla atá ar fáil san earnáil chultúrtha agus chruthaitheacha?

## Cás-staidéar: Earnáil an Scáileáin

**An chéad uair eile a bhreathnaíonn tú ar scannán, coinnigh ort ag féachaint ar na teidil chreidiúna agus iad ag teacht aníos chun na daoine éagsúla go léir atá bainteach leis a fheiceáil.**


Faigh amach cad iad na poist atá ann in earnáil scannánaíochta na hÉireann ar
https://www.careersinscreen.ie/ agus
https://www.screenireland.ie/skills

Féach ar an ngearrthóg seo ina bhfuil Colin Farrell ina reacaire:
‘Creative Careers’

# Na chéad chéimeanna eile

## 1. Oideachas

**Ar fud na tíre is féidir leat cúrsaí a dhéanamh a chabhróidh leat na scileanna atá de dhíth chun do ghairm chruthaitheach a fhoghlaim, ó amharclannaíocht agus léann drámaíochta go margaíocht agus na meáin dhigiteacha, agus ó léiriú teilifíse agus meán go dearadh táirgí. Tá réimse cúrsaí ar fáil, ó leibhéal an teastais go leibhéil chéime agus mháistreachta.**



Féach ar 'Na hEalaíona Cruthaitheacha, Faisean & Meáin Chumarsáide' ar careersportal.ie – tá na mílte cúrsa liostaithe ar fud na n-earnálacha cruthaitheacha.

Féach cad atá curtha ar fáil ag do *choláiste áitiúil* – déan cúrsa ar líne nó gearrchúrsa le linn an tsamhraidh, b'fhéidir. Cuimhnigh, cuirtear neart oideachais ar fáil *ar líne* anois agus is féidir leat tosú leis sin!

Féach ar na cúrsaí iar-Ardteistiméireachta (PLC) atá ar fáil – cuardaigh de réir réimse nó chatagóir an chúrsa ar Chúrsaí PLC in Éirinn

# Na chéad chéimeanna eile

## 2. Ag foghlaim trí ghníomhaíocht a dhéanamh

**Is fearr le go leor daoine a oibríonn san earnáil chruthaitheacht bheith ag foghlaim ar an láthair oibre.**

Is féidir le clár printíseachta taithí agus scileanna praiticiúla a chur ar fáil a chabhróidh leat seasamh amach agus rath a bhaint amach sa réimse. Is féidir leat printíseacht a dhéanamh in ábhair amhail CGI, déantúsaíocht adhmaid, margaíocht dhigiteach, saoirseacht chloiche, gruagaireacht, Teicneolaíocht Thumthach agus uirliseoireacht. Féach ar an réimse iomlán **Printíseachtaí atá ar fáil in Éirinn**.

Tá go leor bealaí chun teacht ar ghairm chruthaitheach trí chúrsa PLC a dhéanamh – roghanna ó dhearadh faisin agus maisiúchán, go léiriúchán don amharclann, léiriúchán ceoil agus iriseoireacht. Tá na cúrsaí sin uile liostaithe ar **https://www.plccourses.ie/course-categories/**


Cuireann cuid mhór eagraíochtaí ar fud na hearnála cruthaithí – lena n-áirítear stáisiúin raidió, oifigí ailtireachta, dánlanna poiblí, stiúideonna scannánaíochta agus beochana agus músaeim áitiúla – cláir taithí oibre idirbhliana ar fáil. Déan cuardach ar líne nó cuir tús leis tríd **an tairseach seo** a úsáid.

# Na chéad chéimeanna eile

## 3. Dírigh ar scileanna a fhorbairt

**Anois an t-am chun do scileanna a fhorbairt! Uaireanta d'fhéadfá bheith ag foghlaim scil nua i ngan fhios duit!**

Má dhéanann tú obair dheonach chun cabhrú le Paráid Lá Fhéile Pádraig do bhaile – tá tú ag forbairt scileanna tábhachtacha maidir le hobair foirne, cumarsáid, lóistíocht agus eagraíocht laistigh de thasc cruthaitheach.



### Bain triail as tionscadail bheaga

Bain triail as uirlisí ar líne atá saor in aisce/ar phraghas íseal:

Bain triail as uirlisí ar líne atá saor in aisce/ar phraghas íseal:

Bain triail as 'Canva' – uirlis deartha ghrafaigh atá saor in aisce


Bain triail as eagarthóireacht a dhéanamh ar fhíseáin meán sóisialta

Bain triail as aipeanna eagarthóireachta ceoil agus taifeadta atá saor in aisce, amhail 'Audacity'

Éilíonn an earnáil chruthaitheach a lán scileanna a d'fhéadfaí a úsáid ar fud go leor post cruthaitheach – dá mba shiúinéir thú, d'fhéadfá obair a dhéanamh in amharclann, ar sheit teilifíse, le hailtire intí nó le dearthóirí táirgí.

# Na chéad chéimeanna eile

## 3. Dírigh ar scileanna a fhorbairt



**Na cúig scil is tábhachtaí a bhfuil fostóirí ar a dtóir*:**

1. Smaointeoireacht anailíseach
2. Teacht aniar, solúbthacht agus lúfaireacht
3. Ceannaireacht
4. **Smaointeoireacht chruthaitheach**
5. Inspreagadh agus féinfheasacht

* An Fóram Eacnamaíoch Domhanda

# Na chéad chéimeanna eile

## 4. Glac páirt go háitiúil

**Glac páirt i scannáin mhic léinn, raidió an phobail, léirithe amharclainne áitiúla, féilte áitiúla, coirmeacha ceoil nó gnólachtaí beaga áitiúla atá ag lorg cabhrú cruthaitheach, (amhail físeáin meán sóisialta).**

**Aimsigh ealaíona gar duit trí Léarscáil na Comhairle Ealaíon a úsáid**

Aimsigh ealaíona gar duit trí Léarscáil na Comhairle Ealaíon a úsáid

Féach ar cad atá ag tarlú le hEalaíona na nÓg ag Comhairle Náisiúnta na nÓg

Fiosraigh an bhfuil oifig ealaín na n-óg ag do chomhairle contae áitiúil.

Faigh amach cá bhfuil an t-ionad ealaíon is gaire duit.



Foghlaim níos mó faoi na nithe seo a leanas:

**Youth Theatre Ireland**

**Irish Association of Youth Orchestras**

**Ireland’s Young Film Maker Awards**

**Young Irish Film Makers**

# Na chéad chéimeanna eile

5. Coinnigh súil ar na rudaí atá ag tarlú

@creativeireland

Fís Éireann Screen Ireland
For the Story Makers

Coimisiún na Meán

@screenireland

@cnam.ie

the arts council an chomhairle ealaíon

Cultural & Creative Industries Skillnet

@artscouncilireland

@creativeskillnet

# Find more resources online…

**The New Now**
Tá sé sin dírithe ar chéimithe sa dearadh, ach tá eolas ann atá ábhartha do phleanáil gairme

**The Irish Design Institute**
Tuilleadh faisnéise faoi Irish Design Institute

**The 100 Archive**
Achoimre mhaith ar chomhlachtaí agus tionscadail amharc-chumarsáide

**Flow**
Creat inniúlachta maidir le gairmeacha sa dearadh

**Performing Arts Forum**
Liosta na bpost ar fud na dtaibhealaíon

**Visual Artists Ireland**
Liosta na bpost ar fud na n-amharc-ealaíon

**Irish Museums Careers**
Liosta na bpost ar fud earnálacha an mhúsaeim agus na hoidhreachta

**Journal of Music**
Deiseanna i ngach cineál ceoil

**Learning Waves Graduate Programme**
Conairí le dul isteach san earnáil raidió

**IFI Learn**
Gníomhaíochtaí do Scoileanna le hInstitiúid Scannán na hÉireann

**TG4**
Aimsigh conairí sa tionscal i nGaeilge

**Young Irish Film Makers**
Líonra do dhéantóirí scannán óga agus do bheochantóirí óga lena n-áirítear imeachtaí – beidh imeacht speisialta aon lae ar an 1 Samhain

**Cinemagic Film Festival**
Féile Scannán do dhaoine óga ar fud Thuaisceart Éireann

**Emerging Limerick Filmmakers**
Scannánaíocht do dhaoine óga i Luimneach

**First Cut Youth Film Festival**
Féile scannán na n-óg i gCorcaigh

**IFI Careers in Screen**
Lá Gairme Institiúid Scannán na hÉireann

**Nerve Centre**
Ionad cultúrtha agus foghlaim chruthaitheach i dTuaisceart Éireann

**Waterford Youth Arts**
Gníomhaíochtaí a bhaineann le hEalaíona na nÓg i bPort Láirge

**National Talent Academies**
Oiliúint agus cláir náisiúnta don earnáil scáileáin

**Gorm Media**
Clár forbartha tallainne do dhaoine as cúlraí éagsúla

**Architecture Foundation in Schools**
Foghlaim tuilleadh faoi ghairmí san ailtireacht

**The Big Idea**
Smaointeoireacht Chruthaitheach i Scoileanna

**Open Days and Events NCAD**
Roinnt imeachtaí faisnéise ag NCAD, lena n-áirítear Tráthnónta Faisnéise Punainne agus Ceardlann Punainne Dearaidh Táirgí agus Idirghníomhaíochta

**Current Opportunities - Irish Writers Centre** Deiseanna in Áras Scríbhneoirí na hÉireann

**Careers in Screen**
Achoimre ar na gairmeacha uile san earnáil scáileáin

**National Gallery Youth Panel**
Glac páirt i bPainéal na nÓg de chuid Dhánlann Náisiúnta na hÉireann

**Minding Creative Minds Mentorship Programme** Faigh amach faoi na hacmhainní atá ar fáil ar Minding Creative Minds

**National Concert Hall**
Faigh amach cad atá ar siúl do dhaoine óga ag an gCeoláras Náisiúnta

**UCD Creative & Cultural Industries**
Céim BA chun speisialtóireacht a dhéanamh san earnáil chruthaitheach

**TU Dublin Creative Industries and Visual Culture**
BA degree specialising in the creative sector

**Minding Creative Minds**
Ag cur tacaíochta, lena n-áirítear socrú meantóireachta, ar fáil do dhaoine atá ag obair san earnáil chruthaitheach

**IAPI's Career Guide**
Treoir Ghairme de chuid IAPI le haghaidh eolais, comhairle, leideanna gairme agus noda tionscail duit agus tú ag fiosrú gairme san fhógraíocht.

Clár Éire Ildánach
*Creative Ireland Programme*

# GAIRM
## Gairmeacha do Dhaoine Fiosracha
# CHRUTHAITHEACH

Fís Éireann Screen Ireland
For the **Story Makers**

the arts council
an chomhairle ealaíon

Cultural & Creative Industries
Skillnet

Coimisiún na Meán